

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Tá súil againn gur bhain sibh uilig taitneamh as laethanta saoire na Cásca.

Is í 2013 Bliain na Gaeilge agus eagrófar clár imeachtaí, comórtais agus tionscadail Ghaeilge ar fud na tíre le deis a thabhairt don phobal an teanga Ghaeilge a cheiliúradh (tá tuilleadh faoi seo ar leathanach 3). D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo clár imeachtaí i rith Seachtain na Gaeilge i mí Márta agus tá sé beartaithe tuilleadh imeachtaí a eagrú sna míonna atá amach romhainn. Coinnigí súil ar na nuachtáin áitiúla le haghaidh na sonraí agus ar shuíomh idirlíne www.cnag.ie

We hope you all enjoyed the Easter holidays.

2013 is designated as Bliain na Gaeilge and a year-long programme of events, competitions and Irish language projects will be organized to provide people with an opportunity to celebrate the Irish language (see page 3 for further details). In March Comhar Dún Chaocháin Teo organized various activities as part of Seachtain na Gaeilge and it is planned to organize further events in the upcoming months. Keep an eye on local newspapers for details which will also be posted on the website www.cnag.ie

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála / Contact	2
Seachtain na Gaeilge 2013	3
Dordán Dúlra Art Exhibition	3-4
SST / Rural Social Scheme	5
An Timpeallacht The Environment	5
Scéalta Eile / Other News	6-9

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach: Séamus Ó Murchú
Rúnaí: Seán Mac Aindriú
Cisteoir: Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile: Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Micheál de Búrca, agus Uinsíonn Mac Graith.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíochta/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nádúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuartheoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideas agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitr seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**

Seachtain na Gaeilge 2013

Tá úsáid na Gaeilge á spreagadh i rith Bhliain na Gaeilge 2013, a dhéanann comóradh ar bhunú Conradh na Gaeilge 120 bliain ó shin. Tabharfar aitheantas ar an obair atá déanta ó shin i leith ag eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta, scoileanna agus grúpaí eile chun an Ghaeilge a chaomhnú, a bhuanú agus a chur chun cinn. I rith na bliana eagrófar clár imeachtaí, comórtais agus tionscadail Ghaeilge ar fud na tíre le deis a thabhairt don phobal an teanga Ghaeilge a cheiliúradh.

Go dtí seo ba í Seachtain na Gaeilge, a bhí ar siúl ó 4ú go 17ú Márta, ceann de na mór-imeachtaí a eagraíodh agus an fhéile idirnáisiúnta Ghaeilge ba mhó in Éirinn agus thar lear. Mar chuid den chlár d'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo imeachtaí éagsúla mar ranganna Gaeilge (i gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Údarás na Gaeltachta), ranganna damhsa traidisiúnta agus ranganna ceoil (faoi stiúir Nessa Ní Chuimlín), oíche airneáin agus seanchas i gcomhlúadar Vincent Mc Grath, cur i láthair i Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg ar 'Logainmneacha Dhún Chaocháin' le hUinsíonn Mac Graith agus taispeántas ealaíne lasmuigh ar an téama Dordán Dúlra (féach thíos).

The use of the Irish language will be encouraged and stimulated throughout Bliain na Gaeilge 2013, which marks the 120th anniversary of the founding of The Gaelic League, or Conradh na Gaeilge, as it is known. Recognition will be given to the progress made by Irish language and Gaeltacht organisations, schools and other groups in preserving, reviving and promoting the language. A year-long programme of events, competitions and Irish language projects will be organised throughout the country to provide people with an opportunity to celebrate the Irish language.

One of the main events held so far this year was Seachtain na Gaeilge, the biggest international Irish-language festival in Ireland and abroad, which took place from 4th to 17th March. To coincide with this Comhar Dún Chaocháin Teo organized various activities including Irish language classes (in partnership with the Language Centre, National University of Ireland, Maynooth and Údarás na Gaeltachta), traditional dancing and music classes (under the direction of Nessa Ní Chuimlín), an evening of seanchas or storytelling in the company of Vincent Mc Grath, a presentation in Ceathrú Thaidhg National School on 'The Placenames of Dún Chaocháin' by Uinsíonn Mac Graith, and an outdoor art exhibition on the theme Dordán Dúlra – Nature's Calls (see below).

Dordán Dúlra/ Nature's Calls

Ar an 15ú Márta eagraíodh taispeántas ealaíne speisialta lasmuigh ar an téama 'Dordán Dúlra – Nature's Calls' ag Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg. Ceapadh na híomhánna mórthabhairt a tharraing na daltaí scoile ag léiriú na farraige ar bhord Chuan an Inbhir Mhóir, chomh maith le gnáthóga nádúrtha áitiúla eile, do lucht féachana idirnáisiúnta. Cuireadh an bhéim ar an dúlra agus tabhacht na timpeallachta glais agus mara. Faoin spéir réaltach caitheadh ábhar ealaíne na ndaltaí suas ar scáileán ollmhór a bhí crochta ar bhinn na scoile.

Faoi threoir a múinteoirí, Bríd Ní Sheighin agus Nessa Ní Chiaráin, dhírigh léaráidí na bpáistí ar áilleacht dhraíochtach na tírdhreacha, na mara, na spéire agus ar fhiadhúlra an cheantair seo. Thacaigh na ceoltóirí clúiteacha Martin Hayes agus Dennis Cahill agus an grianghrafadóir Amelia Stein leis an tionscnamh, a bhí comhordaithe ag Treasa Ní Ghearraigh (Comhar Dún Chaocháin Teo). Rinne Séamus Ó Mongáin cur i láthair bríomhar ar chuile léaráid os comhair an lucht féachana ina raibh na daltaí, a gcuid tuismitheoirí agus muintir na háite i gcoitinne.

Thug an grianghrafadóir Amelia Stein, a d'oibrigh leis an bpobal ar an taispeántas, aitheantas speisialta do na páistí as a ndíograis agus an chaoi ar thaispeáin siad áilleacht na tírdhreacha thart orthu. Ní fhéadfadh leo a bheith ina gcónaí in áit níos draíochtaí ná tuaisceart Mhaigh Eo, a dúirt Janis Blackschleger ón suíomh idirlíne Meiriceánach ecology.com

Ba mhaith linn buíochas speisialta a ghlacadh le John Monaghan, a thóg grianghraif de na léaráidí agus a chuir in ord iad le haghaidh an taispeántais, agus le Pádraig Ó Dochartaigh a chroch suas an scáileán ollmhór.

Is féidir an taispeántas a fheiceáil i dtrí bhealach difriúil (i) i bhfiseán, le ceol Martin Hayes agus Dennis Cahill, (ii) i leabhrán dá-theangach le 38-leathanach agus (iii) i dtrí ghailearaí. Lean an nasc ar an suíomh idirlíne

www.ecology.com – ecology kids – kid power. Tá alt faoin tionscnamh a bhí san Irish Times ar an 19ú Márta le feiceáil ar an nasc <http://www.irishtimes.com/news/environment/global-audience-for-children-...>



(grianghraf John Monaghan)



(grianghraf Uinsíonn Mac Graith)

On 15th March a special outdoor art exhibition entitled “Dordán Dúlra Nature’s Calls” was organized at Ceathrú Thaidhg National School. Striking images by the schoolchildren of their Atlantic seascape on the edge of Broadhaven Bay, as well as other local natural habitats, were captured for an international audience based on the theme of nature and the importance of our green and marine environments. The school building provided the outdoor screen for the exhibition, with artwork by 31 pupils projected onto its gable end under a starlit sky.

Guided by their teachers, Bríd Ní Sheighin and Nessa Ní Chiaráin, the unique character and beauty of the lands, seas, skiescapes and wildlife within this beautiful area were in evidence in the children’s artwork. Musicians Martin Hayes and Dennis Cahill and renowned photographer Amelia Stein lent their support to the project which was co-ordinated by Treasa Ní Ghearraigh (Comhar Dún Chaocháin Teo). Commentary during the show was provided by Seámus Ó Mongáin, who vividly described each work of art in turn, in front of an audience which consisted of pupils, their parents and members of the wider community.

Photographer Amelia Stein, who worked with the community on the exhibition, paid tribute to the children for their enthusiasm and noted that the “seeds had been sown” for a greater awareness of the beauty of the landscape.

“They couldn’t have a more magical setting, within the beautiful land, sea and skiescapes of north Mayo,” Janis Blackschleger of the US website ecology.com noted.

A special word of thanks goes to John Monaghan, who photographed and arranged the drawings for the exhibition and oversaw the projection of the images on the night, and to Padraig Ó Dochartaigh for erecting the outdoor screen.

All the artworks can be viewed in three different ways (i) in video, with music by Martin Hayes and Dennis Cahill, (ii) in a downloadable bi-lingual 38-page booklet and (iii) in three separate galleries. Follow the link on the website www.ecology.com – ecology kids – kid power. The project was also featured on The Irish Times on 19th March and can be viewed by clicking on the following link

<http://www.irishtimes.com/news/environment/global-audience-for-children-...>

An Scéim Shóisialta Tuaithe / The Rural Social Scheme



Tá plean oibre timpeallachta an chomarchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Is iad seo a leanas cuid de na hoibreacha atá ar bun faoi láthair:-

- Tógáil balla cosanta gar don Alt Mór i bPort a' Chlóidh
- * Forbairt ar Shiúlóid na Binne Buí
- * Cothabháil ar shiúlóidí Ceathrú Thaidhg
- Ath-thógáil balla cloch ag An tSeanscoil i gCeathrú Thaidhg

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, under the auspices of Údarás na Gaeltachta, and includes an environmental enhancement workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo. The following are some of the works been undertaken at present:-

- * The construction of a stone wall at Alt Mór in Port a' Chlóidh
- * The development of the Binn Bhuí loop walk
- * Maintenance work on the Ceathrú Thaidhg walks
- * The reconstruction of a stone wall at the Seanscoil in Ceathrú Thaidhg

Tá tuilleadh eolais le fáil ó Phádraig Ó Dochartaigh (saoiste na scéime) ag 087 9785035

An Timpeallacht / The Environment

Glantachán Náisiúnta Earraigh / National Spring Clean

Tá an feachtas Glantachán Náisiúnta Earraigh, a eagraíonn An Taisce, cúig bliana déag ar an bhfód i mbliana. 'Sé an feachtas is mó i leith chosc ar bhruscar in Éireann é, agus i rith mí Aibreáin iarrtar ar dhaoine ar fud na tíre páirt a ghlacadh san iarracht chun an timpeallacht a choinneáil glan. Tá ról ag chuile dhuine sa bhfeachtas agus má chleachtaítear nósanna mar laghdú, athúsáid agus athchúrsáil is féidir linn ár gceantar a choinneáil saor ó bhruscar dúinn féin agus do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas a ghlacadh le rannphairtíthe na Scéime Shóisialta Tuaithe as an nglanadh suas a rinneadh ar na tránna agus le Pádraig Ó Gacháin ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo a thóg an bruscar ar siúl.

Now in its 15th year, An Taisce's National Spring Clean which runs throughout the month of April, is Ireland's biggest anti-litter campaign and encourages people to take pride in their local environment and take action against litter. By working together and putting into practice the three r's (reduce, reuse and recycle) we can make our area a cleaner place to live in for ourselves and for future generations. Let us all make an effort and together we can make a huge difference. The committee would like to thank the participants of the Rural Social Scheme for collecting refuse on the beaches and Paddy Joe Gaughan from Mayo County Council for disposing of it.

You can register for a clean up kit by contacting An Taisce on 01 400 2219 or e-mail nsc@antaisce.org or register online at www.nationalspringclean.org

Beartas In Aghaidh Bruscair 2013 / Mayo Litter Action League 2013

Is comórtas bliantiúil é Beartas In Aghaidh Bruscair a eagraíonn Comhairle Chondae Mhaigh Eo chun aird an phobail a dhíriú ar bhainistiú bruscair. Tugtar cuireadh do gach phobal céimeanna a thógáil chun an timpeallacht a fheabhsú trí fheachtais bhailiúcháin bruscair a eagrú. I mbliana, le cuidiú rannphairtithe na Scéime Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, tá bailte Ceathrú Thaidhg, Port a' Chlóidh, Ros Dumhach agus Inbhear ag glacadh páirte sa chomórtas. Beidh na moltóirí ag déanamh moltóireachta leanúnach ó Bhealtaine go Meán Fómhair chun an dul chun cinn a mheas agus marcanna a bhronnadh.

Mayo Litter League is an annual litter awareness competition organised by Mayo County Council inviting all communities to take steps to improve their environment by organising litter clean ups and minimising waste. This year, with the assistance of workers on the Cill Chomáin Rural Social Scheme, the villages of Ceathrú Thaidhg, Port a' Chlóidh, Ros Dumhach and Inbhear are participating in the campaign. Judges will carry out ongoing adjudication from May to September to monitor and assess progress and award marks.

Tá eolas breise le fáil ó Sean Smyth i Rannóg Timpeallachta an Chomhairle Chondae ag 094 9047448

Scéalta Eile / Other News

An Teastas Eorpach sa Ghaeilge / The European Certificate in Irish

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Údarás na Gaeltachta, ag eagrú cúrsaí gaeilge in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg d'fhoghlaimoírí fásta. Bunaithe ar na ranganna agus ar na himeachtaí teanga eile a chuirfear ar fáil i rith an chúrsa, beidh deis ag daoine scrúdú a dhéanamh chun Teastas Eorpach na Gaeilge a bhaint amach. Ranganna neamhfhoirmiúla atá i gceist leis an bhéim ar an nGaeilge labhartha agus na focail choitianta a úsáidtear sa ghnáthchaint. De réir a chéile cuirfidh an cúrsa le do mhúinín i dtuiscint agus i labhairt na teanga. Faoi láthair tá Leibhéal A1 (le haghaidh tosaitheoirí) Leibhéal A2, Leibhéal B1 agus B2 (meán leibhéal) ar bun chuile oíche Dé Máirt ag tosnú ag 7.00 i.n. Déan teagmháil le Vincent ag 087 7557244 nó le Comhar Dún Chaocháin Teo ag 097 88082 le haghaidh tuilleadh eolais. Guíonn muid gach rath ar na foghlaimoírí a bhéas ag tabhairt faoi na scrúdaithe i mí Aibreáin agus Bealtaine.

Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with The Languages Centre, National University of Ireland Maynooth and Údarás na Gaeltachta, is organising Irish language courses in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile (Language Centre), Ceathrú Thaidhg to cater for adult learners. Based on the classes and on other language activities which are organised during the course, participants will have an opportunity to undertake an exam to obtain the European Certificate in Irish. Classes are informal with an emphasis on spoken Irish and common phrases used in everyday conversation. The course will add to your confidence in understanding and speaking the language. At present Level A1 (Beginners), Level A2, Level B1 and B2 (intermediate) are held on Tuesday nights starting at 7.00 p.m. For further information please contact Treasa on 097 88082/087 1251642 or Vincent on 087 7557244. We wish the learners every success in their forthcoming exams in April and May.

An Clár Tacaíochta Teaghlaigh / Family Language Support Programme

Nuair a thógann tú páiste le Gaeilge, tá tú ag tabhairt buntáiste luachmhar dó/di a d'fhéadfadh cabhrú leis/léi:

1. Teangacha eile a fhoghlaim
2. Scileanna cumarsáide a fhorbairt
3. Post a fháil amach anseo
4. Cairde nua a dhéanamh
5. A bheith páirteach i nglúin nua cainteoirí Gaeilge
6. Féiniúlacht a threisiú

Tá pacáiste tacaíochta, atá saor in aisce, ar fáil do thuismitheoirí ón Roinn Ealaíne, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá leabhrán ann a bhfuil sé mar chuspóir aige comhairle phraiticiúil a chur ar thuismitheoirí maidir

le páistí a thógáil le Gaeilge, chomh maith le dlúthdhiosca rannta agus leabhar rannta atá oiriúnach do pháistí. Níl le déanamh agat ach teagmháil a dhéanamh leis an Roinn (sonraí thíos) chun an pacáiste a fháil.

When you raise your child through the Irish language, you are giving him/her a valuable advantage that could help him/her to:

1. Learn new languages
2. Develop communication skills
3. Obtain employment in the future
4. Make new friends
5. Be part of a new generation of Irish language speakers
6. Deepen a sense of identity

A free support pack for parents is available from the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht. It contains a booklet aimed at providing parents with practical information on raising children through Irish, as well as a CD and book of children's rhymes. All you have to do is contact the Department (details below).

An Rannóg Áiseanna Pobail agus Teanga Email: ctt@ahg.gov.ie Phone: 091 503 700

Buntáiste Breise na Gaeilge / The Advantage of the Irish Language



Bhí seastán eolais ag Comhar Dún Chaocháin Teo ag an seimineár 'Buntáiste Breise na Gaeilge', a bhí eagraithe ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i mBéal an Átha ar an 27ú Feabhra. Os comhair lucht éisteachta de dhaltáí iarbhunscóile rinne na haoichainteoirí cur i láthair ar na buntáistí breise a thug an Ghaeilge dóibh ina ngairmeacha beatha. B'ábhar macnaimh a bhí ann do na daoine óga agus iad ag tabhairt aghaidh ar an timpeallacht oibre amach anseo.

Comhar Dún Chaocháin Teo had an information stand at a seminar 'Buntáiste Breise na Gaeilge' which was organized by Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge in Ballina on 27th February. In front of an audience of secondary school students the various guest speakers explained how the Irish language had given them an advantage in their chosen professions. The event gave the young people an opportunity to consider the role Irish could play in determining their own career paths in the future.

Scéim Fiontar Pobail 2013

Cuidíonn an Scéim Fiontar Pobail, atá dá reachtáil ag Údarás na Gaeltachta, le heagrais fhorbartha pobail nó coistí deonacha tabhairt faoi fhiontair pobail ina gceantair feidhme. Faoin scéim glactar le hiarratais a bhaineann le fiontair pobail sna réimsí (i) Forbairt Áiseanna agus Seirbhísí Áitiúla, Pobail agus Turasóireacht agus (ii) Forbairt na Gaeilge mar theanga pobail. Tá an scéim seo dírithe ar thograí/thionscnaimh bheaga agus sé an uasteora deontais ná €1,500 nó 75% den chaiteachas incháilithe, cibé díobh is lú. Sé an spriocdáta le haghaidh iarratais ná 1ú Bealtaine 2013.

The scheme Scéim Fiontar Pobail, which is administered by Údarás na Gaeltachta, assists community development groups or voluntary committees to undertake community enterprises in their areas. Under the scheme applications will be accepted for projects in the following categories (i) The development of local facilities and services, community and tourist enterprises and (ii) The development of Irish as a community language. This scheme focuses on small scale projects with a maximum grant allocation of €1,500 or 75% of the total cost, whichever is the lesser. The closing date for receipt of applications is 1st May 2013.

Tá breis eolais le fáil ó Sean Ó Coisdealbha ag 097 81418.

Damhsa Traidisiúnta agus Ceol / Traditional Dancing and Music Classes

Eagraítear ranganna damhsa traidisiúnta le Nessa Ní Chuimlín sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg chuile Aoine óna 5.00 go 7.00 i.n. Tá céim sa Damhsa agus Ceol Gaelach bainte amach ag Nessa ó Ollscoil Luimnigh. Déanann na ranganna freastal ar chuile aoisghrúpa idir páistí agus daoine fásta agus is bealach iontach é chun aclaíocht a fháil agus bualadh le daoine. Tosaíonn na ranganna ceoil ag 7.15 i.n.

Tá breis eolais le fáil ó Nessa ag 086 6686803 nó ar an ríomhphost ag nessatimlinschool@gmail.com nó dunchaochainl@eircom.net

Traditional Irish Dancing Classes are held in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg every Friday from 5.00 to 7.00 p.m. with tuition provided by Nessa Timlin who has a Bachelor of Arts in Irish Music and Dance from the University of Limerick. All age groups and dance levels are catered for from children to adults. This is a fun way of learning to dance, getting exercise and meeting new friends. Music lessons are also organised at 7.15 p.m.

For further information please contact Nessa on 086 6686803 or e-mail nessatimlinschool@gmail.com or dunchaochainl@eircom.net

Club Óige Ceathrú Thaidhg / Youth Club

Beidh an chéad chruinniú eile den chlub i gColáiste Chomáin, Ros Dumhach oíche Dé hAoine an 12ú Aibreán óna 7.00 go 9.00 i.n. Ag an seisiún seo déanfaidh Nóirín Bairéad cur i láthair ar scileanna drámaíochta. Má tá déagóir ag iarraidh a bheith páirteach in imeachtaí an Chlub caithfidh sé/sí an táille chlarúcháin a íoc roimhré. Tá breis eolais le fáil ó Threasa ag 097 88082 nó ó Áine ag 087 6739455.

The next meeting of the youth club will take place in Coláiste Chomáin, Ros Dumhach on Friday, 12th April, from 7.00 to 9.00 p.m. At this session Noirín Bairéad will give a presentation on drama skills. Any young person who wishes to take part in the activities of the Club must register in advance. For further information please contact Treasa at 097 88082 or Áine at 087 6739455.

Survey of Poll a' tSómais Second Graveyard

Tá an suirbhé críochnaithe ag Uinsíonn Mac Graith, thar ceann Comhar Dún Chaocháin Teo, ar an dara teampall i bPoll a' tSomáis chun na huaigheanna uilig a mharcáil ar phlean agus stair an teampaill a bhreacadh síos. Amach anseo tá sé beartaithe an t-eolas a fhoilsiú i bhfoirm leabhair, cosúil leis na leabhair a foilsíodh ar Theampall Chill Ghallagáin i 2009 agus ar Shean-Teampall Chill Chomáin (Poll a' tSómais) i 2011. Má tá eolas nó grianghraif agat de do mhuintir atá curtha sa teampall cuir gaoch le' thoil ar 097 88082 / 087 1251642 nó 087 7928865.

Uinsíonn Mac Graith, on behalf of Comhar Dún Chaocháin Teo, has completed a survey of the second graveyard at Poll a' tSómais to mark the graves on a plan and record its history. At a future date it is intended to produce a book, similar to the Teampall Chill Ghallagáin book which was published in 2009, and the Cill Chomáin (Poll a' tSómais) Old Graveyard book which was published in 2011. If you have information or photographs (or memory cards) of deceased relatives who are buried in this graveyard, and would like to have them included, please contact any of the following numbers 097 88082 / 087 1251642 / 087 7928865. All photographs will be scanned and returned.



(grianghraif Uinsíonn Mac Graith)



Lúb na Binne Buí / The Binn Bhuí Head Loop

Mar chuid de phlean forbartha Chill Chomáin, agus le cabhair ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo agus Fáilte Ireland, clárófar an tsiúlóid Lúb na Binne Buí mar shiúlóid aitheanta. Tá go leor obair déanta ag rannphairtíthe Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin mar shampla cuireadh suas treoirmharcanna agus comharthaí, cuireadh droichead coise thar an bhFiodán Mór, agus rinneadh oibreacha eile sábháilteachta. Ceanglóidh an tsiúlóid isteach le siúlóidí Ceathrú Thaidhg (Siúlóid na Trá, Siúlóid Chlann Lir agus Siúlóid an Chlaí Dhuibh) atá ag mealladh chuairteoirí isteach sa gceantar le cúpla bliain anuas.

As part of the development plan for the parish of Cill Chomáin, and with the assistance of Mayo County Council and Fáilte Ireland, the walk known as The Binn Bhuí Head Loop will be registered as a recognised walk. Various development works such as the erection of waymarkers and signage, the installation of a footbridge at Fiodán Mór, and other safety measures have been carried out by participants on the Cill Chomáin Rural Social Scheme. When complete, this walk will link in with the existing Ceathrú Thaidhg walks (Siúlóid na Trá, Siúlóid Chlann Lir and Siúlóid an Chlaí Dhuibh) which have been enticing visitors to the area for some years now.

Tírdhreach Nádurtha Chill Chomáin / The Natural Landscape

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le saineolaithe dúlra agus luibheolaithe, ag obair ar threoirleabhar ar théama “Tírdhreach Nádurtha Chill Chomáin”. Déanfaidh an foilseáchan cur síos ar ghnáthóga agus ar fhiadhúlra an pharóiste idir phlandaí, ainmhithe, éanacha agus saol na mara. Beidh sé mar áis thagartha ag turasóirí, daltaí scoile agus ag éinne a bhfuil spéis acu sa dúlra.

Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with nature and botany specialists, is compiling a guidebook on the theme ‘The Natural Landscape of Cill Chomáin’. The publication will describe the various habitats and species to be found within the parish including plants, animals, birds and marine life. It will form a useful reference guide for tourists, school children and anyone with an interest in nature.

Lá Lus an Chromchinn – Daffodil Day

Ba é an 22ú Márta Lá Lus an Chromchinn, an phríomhimeacht bailithe airgid a bhíonn ag Cumann Ailse na hÉireann, a chuireann seirbhísí cúraim altranais ar fáil saor in aisce ar fud na tíre. Ba mhaith le Bantracht Dún Chaocháin buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thacaigh leis an maidin caife a bhí eagraithe sa Seanscoil. Bailíodh €253 i dtreo na cúise fiúntach seo.

Friday the 22nd March was Daffodil Day, the main fundraising event of the Irish Cancer Society which provides support services for cancer patients throughout the country. Bantracht Dún Chaocháin wishes to thank everyone who supported the coffee morning in the Seanscoil where a total of €253 was raised towards this worthwhile cause.

